Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13583/23**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0332(NLE)**

**JAI 1233**
**FRONT 289**
**VISA 191**
**SIRIS 86**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 549 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 549 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2023) 549 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2023
COM(2023) 549 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha**

**IARSCRÍBHINN**

AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta

agus

PRIONSACHT LICHTINSTÉIN, dá ngairtear 'Lichtinstéin' anseo feasta,

Dá ngairtear 'na Páirtithe' go comhpháirteach anseo feasta

AG FÉACHAINT don Phrótacal idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin[1] leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (an 'Prótacal Comhlachais'),

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS:

(1) Bhunaigh an tAontas an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí ('IBTV'), trí bhíthin Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] ('Rialachán IBTV'), mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha.

(2) Is ionann Rialachán IBTV agus forbairt ar *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail Comhlachais le Lichtinstéin.

(3) Is ionstraim shonrach í an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, i gcomhthéacs *acquis* Schengen a ceapadh chun bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip ag teorainneacha seachtracha a áirithiú, agus saorghluaiseacht daoine á cosaint san am céanna, i gcomhréir iomlán le gealltanais na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe maidir le cearta bunúsacha, agus chun tacú le cur chun feidhme agus nuachóiriú aonfhoirmeach an chomhbheartais víosaí, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hardleibhéal slándála a ráthú sna Ballstáit agus sna tíortha comhlachaithe.

(4) Foráiltear le hAirteagal 7(6) de Rialachán IBTV go ndéanfar socruithe chun cineál agus modhanna rannpháirtíocht na dtíortha a bhfuil baint acu le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen san Ionstraim a shonrú.

(5) Tugann IBTV an deis chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoi mhodhanna bainistíochta comhroinnte agus faoi mhodhanna bainistíochta díreacha agus indíreacha, agus leis an gComhaontú seo, ba cheart go bhféadfaí an cur chun feidhme faoi mhodhanna bainistíochta díreacha agus indíreacha a bhaint amach i Lichtinstéin i gcomhréir le prionsabail agus rialacha an Aontais maidir le bainistiú agus rialú airgeadais.

(6) I bhfianaise an ualaigh riaracháin a d'fhorchuirfí ar Lichtinstéin le ceanglais Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]

[1] IO AE L 160, 18.6.2011, lch. 21.

[2] Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO AE L 251, 15.7.2021, lch. 48).

[3] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an

('Rialachán na bhForálacha Coiteanna') maidir lena leithdháileadh teoranta a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, ba cheart an tacaíocht a sholáthraítear do Lichtinstéin faoi Rialachán IBTV, ar tacaíocht í a eascraíonn as an gceart leithdháileadh a fháil le haghaidh cláir, a chur chun feidhme go príomha faoi bhainistíocht dhíreach i gcomhréir le Cuid a hAon, Teideal VIII de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] ('an Rialachán Airgeadais') dar teideal 'Deontais'.

(7) I bhfianaise nádúr *sui generis acquis* Schengen agus a thábhachtaí atá sé é a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar mhaithe le sláine limistéar Schengen, ba cheart go mbeadh feidhm maidir le heintitis i Lichtinstéin ag na rialacha uile is infheidhme maidir le bainistíocht dhíreach ar an mbealach céanna agus a bheadh feidhm acu maidir le heintiteas ar bith eile atá incháilithe do mhaoiniú ón Aontas.

(8) Chun ríomh agus úsáid na ranníocaíochtaí bliantúla atá le híoc ag Lichtinstéin do IBTV a éascú, ba cheart a ranníocaíochtaí don tréimhse 2021 go 2027 a íoc ina gceithre thráthchuid bhliantúla ó 2024 go 2027. Ó 2024 go 2025, socraítear na ranníocaíochtaí bliantúla i méideanna seasta agus ba cheart na ranníocaíochtaí atá le híoc do na blianta 2026 agus 2027 a chinneadh in 2026 ar bhonn olltáirgeacht intíre ainmniúil na Stát uile atá rannpháirteach in IBTV agus na híocaíochtaí a rinneadh go héifeachtach á gcur san áireamh.

(9) I gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne, ba cheart go mbainfeadh Lichtinstéin tairbhe as aon ioncam barrachais mar a shainmhínítear in Airteagal 86 de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán ETIAS'). Laistigh de chreat IBTV, laghdaítear go comhréireach na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag Lichtinstéin do IBTV.

(10) Cumhdaítear reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] ('An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí'), le Comhaontú LEE agus ionchorpraíodh í in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis. Dá bhrí sin, cuireann Lichtinstéin an Rialachán sin i bhfeidhm.

(11) Níl Lichtinstéin faoi cheangal ag an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cé go bhfuil sí ina páirtí sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus sna Prótacail a ghabhann leis agus i nDearbhú

Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO AE L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[4] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO AE L 193, 30.7.2018, lch. 1).

[5] Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO AE L 236, 19.9.2018, lch. 1).

[6] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO AE L 119, 4.5.2016, lch. 1).

Uilechoiteann Chearta an Duine. Dá réir sin, ba cheart tagairtí atá i Rialachán IBTV agus sa Chomhaontú seo don Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a thuiscint mar thagairtí don Choinbhinsiún sin agus do na Prótacail arna ndaingniú ag Lichtinstéin agus d'Airteagal 14 den Dhearbhú sin.

(12) Ba cheart do Lichtinstéin, nach bhfuil faoi cheangal ag na tagairtí do *acquis* comhshaoil an Aontais, IBTV agus an Comhaontú seo a chur chun feidhme i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe.

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

*Raon feidhme*

Leagtar amach sa Chomhaontú seo na rialacha forlíontacha is gá maidir le rannpháirtíocht Lichtinstéin san Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí ('IBTV') mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha don tréimhse chlársceidealaithe 2021 go 2027 i gcomhréir le hAirteagal 7(6) de Rialachán (AE) 2021/1148 (an 'Rialachán IBTV').

*Airteagal 2*

*Bainistíocht agus rialú airgeadais*

1. Agus Rialachán IBTV á chur chun feidhme, glacfaidh Lichtinstéin na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha is ábhartha do bhainistiú agus rialú airgeadais a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus i ndlí an Aontais a fhaigheann a bunús dlí ó CFAE.

Is iad seo a leanas na forálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) Airteagail 33, 36, 61, 97-105, 106, 115-116, 125-129, 135-144, 150-153, 154 agus 155 (1), (2), (4), (6) agus (7), 180-205, 254-257 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ('an Rialachán Airgeadais')[7];

(b) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[8];

(c) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[9] agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10];

---

[7] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO AE L 193, 30.7.2018, lch. 1).

[8] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (*IO AE L 292, 15.11.1996, lch. 2).*

[9] Rialachán (CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO AE L 312, 23.12.1995, lch. 1).

[10] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena

2. I gcás aon leasú, aisghairm, ionadú nó athmhúnlú a dhéantar i leith an Rialacháin Airgeadais is ábhartha maidir le IBTV:

(d) Cuirfidh an Coimisiún Eorpach Lichtinstéin ar an eolas faoi sin a luaithe is féidir, agus, arna iarraidh sin ag Lichtinstéin, tabharfaidh sé mínithe ar an leasú, an aisghairm, an ionadú nó ar an athmhúnlú sin.

(e) D’ainneoin Airteagal 13(4) den Chomhaontú seo, féadfaidh an Coimisiún Eorpach (thar ceann an Aontais) agus Lichtinstéin aon leasú is gá ar an dara fomhír, pointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo a chinneadh de thoil a chéile chun leasú, aisghairm, ionadú nó athmhúnlú den sórt sin i leith an Rialacháin Airgeadais a chur san áireamh.

3. Maidir le hábhar gnímh lena leasaítear, lena n-aisghairtear, lena n-ionadaítear nó lena n-athmhúnlaítear an Rialachán Airgeadais, más rud é nach féidir le hábhar gnímh den sórt sin a bheith ina cheangal ar Lichtinstéin ach amháin tar éis ceanglais bhunreachtúla a chomhlíonadh, cuirfidh Lichtinstéin an méid sin in iúl don Choimisiún Eorpach tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis don Choimisiún Eorpach an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe a) de mhír 2 den Airteagal seo a chur in iúl. I gcás nach bhfuil gá le reifreann, déanfar fógra a thabhairt, ar a dhéanaí, tríocha lá tar éis do sprioc-am an reifrinn dul in éag. Más gá reifreann, cuirfidh Lichtinstéin an Coimisiún Eorpach ar an eolas go pras i scríbhinn nuair a bheidh na ceanglais bhunreachtúla uile comhlíonta, agus beidh ocht mí dhéag ó dháta an fhógra ag Lichtinstéin chun teacht ar chomhaontú maidir leis na leasuithe is gá ar phointe (a) den dara fomhír de mhír 1 den Airteagal seo dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 den Airteagal seo.

4. Ón dáta atá leagtha síos do theacht i bhfeidhm an ghnímh maidir le Lichtinstéin agus go dtí go mbeidh fógra tugtha aici go bhfuil na ceanglais bhunreachtúla comhlíonta agus go mbeidh comhaontú bainte amach chun leasú a dhéanamh ar phointe (a) den dara fomhír de mhír 1 den Airteagal seo, déanfaidh Lichtinstéin, i gcás inar féidir, an gníomh nó an beart i dtrácht a chur chun feidhme ar bhonn sealadach.

5. Féadfaidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i Lichtinstéin a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an Ionstraim faoi choinníollacha atá coibhéiseach leis na coinníollacha sin is infheidhme maidir le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas.

*Airteagal 3*

*Raon feidhme na rannpháirtíochta*

6. Leithdháileadh an Aontais do Lichtinstéin arna ríomh de bhun Airteagal 7 mír 3, pointe (a) de Rialachán IBTV, cuirfear an leithdháileadh sin ar fáil do Lichtinstéin mar ghníomhaíochtaí de chuid an Aontais faoi Shaoráid Théamach na hIonstraime [i gcomhréir le mír 1 d’Airteagal 8 de Rialachán IBTV].

7. Beidh acmhainní faoi na gníomhaíochtaí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 2(8) agus in Airteagal 8(1), pointe (a) de Rialachán IBTV ar fáil do Lichtinstéin ar an mbonn céanna le Tíortha eile atá Comhlachaithe le Schengen. Is faoi bhainistíocht

n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO AE L 248, 18.9.2013, lch. 1).

dhíreach a chuirfear gníomhaíochtaí sonracha roghnaithe Lichtinstéin chun feidhme. Baineann an rochtain ar chistiú le gníomhaíochtaí sonracha

(f) atá ar fáil do gach tír atá rannpháirteach in Schengen agus i Rialachán IBTV chun comhlíonadh an *acquis* a áirithiú ('breisithe') agus

(g) atá mar thoradh ar roghnú faoi ghlaonna ar léiriú spéise do gach tír atá rannpháirteach in Schengen agus in IBTV.

8. 30 lá ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus ó 2025 ar aghaidh, cuirfidh Lichtinstéin an Coimisiún ar an eolas faoin 15 Feabhra gach bliain maidir leis na gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe aici a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcomhlíonfar *acquis* Schengen agus go gcomhlíonfar cuspóirí IBTV, agus maidir leis an mbuiséad lena mbaineann.

9. Cuirfidh Lichtinstéin tionscadail chun feidhme faoi Rialachán IBTV faoi rialacha na bainistíochta dírí i gcomhréir le Cuid a hAon, Teideal VIII den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 4*

*Cur i bhfeidhm sonrach fhorálacha Rialachán IBTV*

10. Na spriocdhátaí a thagraíonn do theacht i bhfeidhm Rialachán IBTV, ba cheart iad a thuiscint mar thagairt don dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm.

11. Tuigfear gurb ionann tagairtí don Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus tagairtí don Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus do na Prótacail a ghabhann leis arna ndaingniú ag Lichtinstéin agus d'Airteagal 14 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine.

12. Aithníonn Lichtinstéin, nach bhfuil faoi cheangal ag tagairtí do *acquis* comhshaoil an Aontais, go gcuirfidh sí IBTV chun feidhme i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

*Airteagal 5*

*Forfheidhmiú*

13. Beidh cinntí arna nglacadh ag an gCoimisiún agus a fhorchuireann oibleagáid airgeadais ar dhaoine seachas Stáit in-fhorfheidhmithe ar chríoch Lichtinstéin.

Beidh forfheidhmiú na gcinntí sin faoi réir na rialacha nós imeachta sibhialta atá i bhfeidhm i Lichtinstéin. Beidh an t-ordú á fhorfheidhmiú i gceangal leis an gcinneadh ábhartha ón údarás inniúil dá dtagraítear sa tríú fomhír gan aon fhoirmiúlacht seachas fíorú bharántúlacht an chinnidh.

Ainmneoidh rialtas Lichtinstéin údarás inniúil chun na críche sin agus cuirfidh sé an t-ainmniú sin i bhfios don Choimisiún, agus cuirfidh an Coimisiún an t-ainmniúchán sin in iúl do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

A luaithe a bheidh na foirmiúlachtaí sin curtha i gcrích, ar iarratas ón gCoimisiún, féadfaidh an Coimisiún dul ar aghaidh leis an bhforfheidhmiú i gcomhréir le dlí Lichtinstéin trí ábhar a thabhairt go díreach os comhair an údaráis inniúil.

Ní féidir an forfheidhmiú a chur ar fionraí ach amháin trí bhreith ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Beidh dlínse ag cúirteanna Lichtinstéin, áfach, maidir le gearáin go bhfuil an forfheidhmiú á chur i gcrích ar bhealach neamhrialta.

14. Beidh breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a thugtar i ndáil le cur i bhfeidhm clásail eadrána atá i gconradh nó i gcomhaontú deontais a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo in-fhorfheidhmithe i Lichtinstéin ar an modh céanna le cinntí ón gCoimisiún Eorpach dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 6*

*Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint*

15. Déanfaidh Lichtinstéin an méid seo a leanas:

(h) calaois agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac trí bhearta a bheidh mar chosc agus a thabharfaidh cosaint éifeachtúil i Lichtinstéin;

(i) na bearta céanna a ghlacadh chun calaois agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac agus a ghlacann sí chun a leasanna airgeadais féin a chosaint; agus

(j) comhordú a dhéanamh ar a ghníomhaíocht leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach atá dírithe ar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

16. Cuirfidh údaráis inniúla Lichtinstéin an Coimisiún Eorpach nó an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ('OLAF') ar an eolas gan mhoill faoi aon fhíoras nó amhras atá tugtha faoi deara acu maidir le neamhrialtacht, calaois nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Cuirfidh siad Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') ar an eolas freisin nuair a bhaineann na fíorais nó an t-amhras sin le cás a d'fhéadfadh teacht faoi inniúlacht OIPE.

Áiritheoidh Lichtinstéin agus an tAontas cúnamh frithpháirteach éifeachtach i gcásanna ina bhfuil imscrúduithe nó imeachtaí breithiúnacha ann ag údaráis inniúla an Aontais nó Lichtinstéin, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme, maidir le leasanna airgeadais a chéile a chosaint faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

17. Glacfaidh Lichtinstéin bearta atá coibhéiseach leo sin arna nglacadh ag an Aontas i gcomhréir le hAirteagal 325(4) de CFAE agus atá i bhfeidhm ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo.

18. Déanfar an malartú faisnéise idir an Coimisiún Eorpach, OLAF, OIPE, an Chúirt Iniúchóirí agus údaráis inniúla Lichtinstéin ag féachaint go cuí do na ceanglais rúndachta. Na sonraí pearsanta a áireofar sa mhalartú faisnéise, déanfar iad a chosaint i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

*Airteagal 7*

*Athbhreithnithe agus iniúchtaí arna ndéanamh ag an Aontas*

19. Beidh sé de cheart ag an Aontas athbhreithnithe agus iniúchtaí teicniúla, airgeadais nó cineálacha eile athbhreithnithe agus iniúchtaí a dhéanamh ar áitreabh aon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air i Lichtinstéin nó ar áitreabh aon eintitis dhlítheanaigh atá

bunaithe i Lichtinstéin agus a fhaigheann cistiú ón Aontas ó IBTV, chomh maith le haon tríú páirtí a bhfuil baint aige le cur chun feidhme chistiú an Aontais ó IBTV atá ina chónaí nó bunaithe i Lichtinstéin. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach, OLAF agus an Chúirt Iniúchóirí athbhreithnithe agus iniúchtaí den chineál sin a dhéanamh.

20. Éascóidh údaráis Lichtinstéin na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí a fhéadfar a dhéanamh i gcomhpháirt leo, más mian leis na húdaráis sin.

21. Féadfar na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí a dhéanamh freisin tar éis cearta eintiteas dlítheanach atá bunaithe i Lichtinstéin, ar cearta iad a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, a chur ar fionraí, nó tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo, i ndáil le haon ghealltanas dlíthiúil lena gcuirtear chun feidhme buiséad an Aontais ar gealltanas é a bheidh déanta roimh an dáta óna ngabhfaidh éifeacht le fionraí chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó le foirceannadh an Chomhaontaithe seo.

*Airteagal 8*

*Seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair*

Beidh údarás ag OLAF seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar chríoch Lichtinstéin a mhéid a bhaineann le IBTV i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 arna fhorlíonadh le Rialachán (AE) Uimh. 883/2013.

Éascóidh údaráis Lichtinstéin seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a fhéadfar a dhéanamh i gcomhpháirt leo más mian leis na húdaráis sin.

*Airteagal 9*

*An Chúirt Iniúchóirí*

Leathnófar inniúlacht na Cúirte Iniúchóirí a leagtar amach in Airteagal 287(1) agus (2) de CFAE chun go gcumhdófar an t-ioncam agus an caiteachas a bhaineann le cur chun feidhme Rialachán IBTV ag Lichtinstéin, lena n-áirítear ar chríoch Lichtinstéin.

I gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 287(3) de CFAE agus i gCuid a hAon, Teideal XIV, Caibidil 1 den Rialachán Airgeadais, beidh an Chúirt Iniúchóirí in ann iniúchtaí a dhéanamh ar áitreabh aon chomhlachta a bhainistíonn ioncam nó caiteachas thar ceann an Aontais i gcríoch Lichtinstéin a mhéid a bhaineann le IBTV, lena n-áirítear in áitreabh aon duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a fhaigheann íocaíochtaí ón mbuiséad.

I Lichtinstéin, déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí i gcuibhreann leis na comhlachtaí náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbíonn na cumhachtaí riachtanacha acu sin, leis na ranna náisiúnta inniúla. Comhoibreoidh an Chúirt Iniúchóirí agus comhlachtaí náisiúnta iniúchóireachta Lichtinstéin de mheon muiníne ach gan a neamhspleáchas a thréigean. Cuirfidh na comhlachtaí, na hoifigí, na gníomhaireachtaí nó na ranna sin i bhfios don Chúirt Iniúchóirí an bhfuil siad chun páirt a ghlacadh san iniúchóireacht.

*Airteagal 10*

*Ranníocaíochtaí airgeadais*

22. Déanfaidh Lichtinstéin íocaíochtaí bliantúla le buiséad IBTV i gcomhréir leis an bhfoirmle a shonraítear in Iarscríbhinn I.

23. Gach bliain, féadfaidh an Coimisiún suas le 0.75 % de na híocaíochtaí arna ndéanamh ag Lichtinstéin a úsáid chun an caiteachas riaracháin a mhaoiniú maidir leis an bhfoireann nó leis an bhfoireann sheachtrach is gá chun tacú le Lichtinstéin Rialachán IBTV agus an Chomhaontú seo a chur chun feidhme.

24. Tar éis an caiteachas riaracháin dá dtagraítear i mír 2 a asbhaint, sannfar an méid atá fágtha de na híocaíochtaí bliantúla mar seo a leanas:

    (a) 70 % chun cláir na mBallstát agus na Stát Comhlachaithe a chur chun feidhme;

    (b) 30 % ar an tsaoráid théamach dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán IBTV.

25. Úsáidfear méid is ionann agus íocaíochtaí bliantúla Lichtinstéin chun rannchuidiú le bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip atá láidir agus éifeachtach ag na teorainneacha seachtracha.

26. Soláthróidh an tAontas do Lichtinstéin faisnéis maidir lena rannpháirtíocht airgeadais mar a áirítear san fhaisnéis bhuiséadach, chuntasaíochta, feidhmíochta agus mheastóireachta arna soláthar d'údaráis bhuiséadacha agus d'údaráis um urscaoileadh an Aontais maidir leis an Ionstraim.

*Airteagal 11*

*An Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)*

27. Déanfar an sciar d'ioncam ETIAS a d'fhéadfadh a bheith fágtha tar éis costais oibriú agus chothabháil ETIAS a chumhdach, dá dtagraítear in Airteagal 86 de Rialachán ETIAS (an 'barrachas'), a asbhaint ón ranníocaíocht airgeadais chríochnaitheach ó Lichtinstéin le IBTV, i gcomhréir leis an bhfoirmle a shonraítear in Iarscríbhinn II.

28. Cuirfidh Lichtinstéin tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na costais dá dtagraítear in Airteagal 85(2) agus (3) de Rialachán ETIAS don bhliain chuntasaíochta faoin 15 Feabhra an bhliain ina dhiaidh sin. I gcás na tuarascála sin, cloífidh Lichtinstéin leis na hoibleagáidí tuairiscithe uile a eascraíonn as an Rialachán lena rialaítear ETIAS agus as gníomhartha tarmligthe arna nglacadh fúithi.

*Airteagal 12*

*Rúndacht*

Beidh faisnéis a chuirtear in iúl nó a fhaightear i bhfoirm ar bith de bhun an Chomhaontaithe seo cumhdaithe ag rúndacht ghairmiúil agus déanfar í a chosaint ar an gcaoi chéanna a ndéantar faisnéis chomhchosúil a chosaint leis na forálacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais agus le dlíthe Lichtinstéin. Ní chuirfear an fhaisnéis sin in iúl do

dhaoine seachas dóibh siúd atá laistigh d'institiúidí an Aontais, sna Ballstáit nó i Lichtinstéin a gceanglaíonn a bhfeidhmeanna orthu a bheith ar an eolas fúithi, ná ní fhéadfar í a úsáid chun críoch eile seachas cosaint éifeachtach leasanna airgeadais na bPáirtithe a áirithiú.

*Airteagal 13*

*Teacht i bhfeidhm agus ré*

29. Formheasfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Tabharfaidh siad fógra dá chéile maidir le cur i gcrích na nósanna imeachta sin. Seolfar fógraí chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig Misean Lichtinstéin chuig an Aontas Eorpach, faoi seach.

30. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den chéad mhí tar éis lá an fhógra dheireanaigh dá dtagraítear i mír 1.

31. Chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar sa réimse beartais ábhartha agus chun gur féidir tús a chur leis an gcur chun feidhme ó thús chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, féadfar tús a chur leis na bearta a chumhdaítear le Rialachán IBTV roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus ar a luaithe ón 1 Eanáir 2021, ar choinníoll nach gcuirfear na gníomhaíochtaí i gcrích tráth a bhronnfar an tacaíocht i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

32. Ní fhéadfar an Comhaontú seo a leasú ach amháin i scríbhinn de chomhthoil na bPáirtithe. Leanfaidh teacht i bhfeidhm na leasuithe an nós imeachta céanna is infheidhme maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

33. D'ainneoin mhír 4 den Airteagal seo, tabharfar de chumhacht don Choiste Measctha a bunaíodh faoi Airteagal 3 den Chomhaontú Comhlachais[11] na leasuithe is gá ar Airteagal 2 (1)(a) den Chomhaontú seo a chaibidliú agus a ghlacadh i gcás fógra a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 15(2) i gcúinsí nár thángthas ar chomhaontú de bhun Airteagal 2(2) nó (3) den Chomhaontú seo.

34. Cé is moite d'Airteagal 5, cuirfidh na Páirtithe an Comhaontú seo i bhfeidhm go sealadach amhail ón lá tar éis lá a shínithe, gan dochar do cheanglais bhunreachtúla.

*Airteagal 14*

*Réiteach díospóidí*

I gcás ina n-éireoidh díospóid maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 10 den Chomhaontú Comhlachais.

*Airteagal 15*

*Fionraí*

35. Féadfaidh an tAontas cearta eintiteas dlíthiúil a bunaíodh i Lichtinstéin a eascraíonn ó chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a chur ar fionraí i gcomhréir le míreanna 5 go 7 den Airteagal seo, i gcás neamhíoc iomlán nó páirteach na ranníocaíochta airgeadais atá le híoc ag Lichtinstéin; i gcás ina bhfuil an Rialachán Airgeadais faoi

[11] IO AE L 53, 27.2.2008, lgh. 52-79

réir leasú, aisghairm, ionadú nó athmhúnlú atá ábhartha do IBTV agus nach dtagtar ar chomhaontú de bhun Airteagal 2(2) den Chomhaontú seo laistigh de 30 lá ó theacht i bhfeidhm leasú, aisghairm, ionadú nó athmhúnlú an Rialacháin Airgeadais, nó, i gcás inarb infheidhme, laistigh de 18 mí tar éis do Lichtinstéin fógra a thabhairt nach bhféadfaidh an gníomh lena leasaítear, lena n-aisghairtear, lena n-ionadaítear nó lena n-athmhúnlaítear an Rialachán Airgeadais bheith ina cheangal ar Lichtinstéin go dtí go gcomhlíonfar na ceanglais bhunreachtúla; nó i gcúinsí ina bhfuil an Rialachán Airgeadais faoi réir leasú, aisghairm, ionadú nó athmhúnlú atá ábhartha do IBTV agus go bhfuil fógra tugtha ag Lichtinstéin don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den Chomhaontú seo, nach bhféadfaidh an gníomh lena leasaítear, lena n-aisghairtear, lena n-ionadaítear nó lena n-athmhúnlaítear an Rialachán Airgeadais bheith ina cheangal ar Lichtinstéin go dtí go gcomhlíonfar na ceanglais bhunreachtúla, agus nach féidir le Lichtinstéin an gníomh nó an beart i dtrácht a chur chun feidhme ar bhonn sealadach dá dtagraítear in Airteagal 2(4) den Chomhaontú seo.

36. Tabharfaidh an tAontas fógra do Lichtinstéin go bhfuil sé ar intinn aige cearta eintiteas dlítheanach atá bunaithe i Lichtinstéin ar cearta iad a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, a chur ar fionraí agus, sa chás sin, cuirfear an t-ábhar go hoifigiúil ar chlár oibre an Choiste Mheasctha a bunaíodh faoi Airteagal 3 den Chomhaontú Comhlachais.

37. Tionólfar an Coiste Measctha agus tarlóidh an cruinniú laistigh de 30 lá ón bhfógra dá dtagraítear i mír 2. Beidh 90 lá ag an gCoiste Measctha chun an t-ábhar a shocrú, ag comhaireamh ón dáta a ghlacfar an clár oibre ar cuireadh an t-ábhar air i gcomhréir le mír 2. I gcás nach féidir leis an gCoiste Measctha an t-ábhar a shocrú laistigh den sprioc-am 90 lá, cuirfear 30 lá leis an sprioc-am sin d’fhonn teacht ar réiteach críochnaitheach.

38. I gcás nach féidir leis an gCoiste Measctha an t-ábhar a shocrú laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear i mír 3, féadfaidh an tAontas cearta eintiteas dlítheanach atá bunaithe i Lichtinstéin, ar cearta iad a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo dá dtagraítear i míreanna 5 go 7, a chur ar fionraí.

39. I gcás fionraí, ní bheidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i Lichtinstéin incháilithe páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana nach bhfuil tugtha chun críche go fóill tráth a chuirfear an fhionraí i bhfeidhm. Measfar go mbeidh nós imeachta dámhachtana tugtha chun críche nuair a bheidh gealltanais dhlíthiúla tugtha mar thoradh ar an nós imeachta sin.

40. Leis an bhfionraí, ní dhéanfar difear do na gealltanais dhlíthiúla arna ndéanamh de láimh leis na heintitis dhlítheanacha atá bunaithe i Lichtinstéin sular tháinig an fhionraí i bhfeidhm. Leanfaidh an Comhaontú seo d’fheidhm a bheith aige maidir le gealltanais dhlíthiúla den sórt sin.

41. Féadfar aon oibríocht is gá chun leas airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí airgeadais a eascraíonn as gealltanais a rinneadh faoin gComhaontú seo roimh an bhfionraí, a dhéanamh freisin tar éis na fionraí.

42. Tabharfaidh an tAontas fógra láithreach do Lichtinstéin a luaithe a bheidh méid na ranníocaíochta airgeadais nó oibríochtúla atá le híoc faighte aige, nuair a bheidh deireadh leis an neamh-chomhlíonadh le hAirteagal 2(2) den Chomhaontú seo nó

nuair a shocrófar an t-ábhar a bhaineann leis an Rialachán Airgeadais. Cuirfear deireadh leis an bhfionraí le héifeacht láithreach ar an bhfógra sin a thabhairt.

43. Amhail ón dáta a chuirfear deireadh leis an bhfionraí, beidh eintitis dhlítheanacha Lichtinstéin incháilithe arís le haghaidh nósanna imeachta dámhachtana a sheolfar tar éis an dáta sin agus le haghaidh nósanna imeachta dámhachtana a seoladh roimh an dáta sin, ar nósanna imeachta dámhachtana iad nach bhfuil na sprioc-amanna chun iarratais a chur isteach ina leith dulta in éag.

*Airteagal 16*

*Foirceannadh*

44. Féadfaidh an tAontas nó Lichtinstéin an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra a thabhairt don Pháirtí eile faoina chinneadh. Scoirfidh an Comhaontú d'fheidhm a bheith aige 3 mhí tar éis dháta an fhógra sin. Seolfar fógraí chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig Misean Lichtinstéin chuig an Aontas Eorpach, faoi seach.

45. Foirceannfar an Comhaontú seo go huathoibríoch nuair a fhoirceannfar an Prótacal Comhlachais i gcomhréir le hAirteagal 11 den Phrótacal Comhlachais.

46. I gcás ina bhfoirceannfar an Comhaontú seo i gcomhréir le mír 1 nó mír 2, comhaontaíonn na Páirtithe go leanfar le hoibríochtaí ina ndearnadh na gealltanais dhlíthiúla tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus sula bhfoirceannfar an Comhaontú seo, go dtí go dtabharfar chun críche na hoibríochtaí sin faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo.

47. Aon oibríocht is gá chun leas airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí airgeadais a eascraíonn as gealltanais a rinneadh faoin gComhaontú seo sular foirceannadh é, féadfar an oibríocht sin a dhéanamh freisin tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo.

48. Socróidh na Páirtithe de chomhthoil aon iarmhairt eile a ghabhann le foirceannadh an Chomhaontaithe seo.

*Airteagal 17*

*Teangacha*

Déanfar an Comhaontú seo a dhréachtú i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus beidh na téacsanna sin ar fad ar aon údarás le chéile.

*IARSCRÍBHINN I*

*Foirmle chun ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla do na blianta 2021 go 2027 a ríomh agus mionsonraí íocaíochta*

49. Cuirtear san áireamh i ríomh na ranníocaíochta airgeadais an méid dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán IBTV.

50. I gcás na mblianta 2024 go 2025, déanfaidh Lichtinstéin íocaíochtaí bliantúla le buiséad IBTV i gcomhréir leis an tábla seo a leanas:

*(Gach méid in EUR)*

| | 2024 | 2025 |
|---|---|---|
| Lichtinstéin | 739 017 | 739 017 |

Beidh na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear san Airteagal seo le híoc ag Lichtinstéin gan beann ar dháta sínithe na gcomhaontuithe deontais.

51. Déantar ranníocaíocht airgeadais Lichtinstéin le IBTV a ríomh mar a leanas do na blianta 2026 agus 2027:

Maidir le gach bliain aonair ó 2020 go 2024, roinnfear figiúirí Olltáirgeacht Intíre ainmniúil (OTI) Lichtinstéin a bheidh ar fáil ón 31 Márta 2026 ar Eurostat (OTI ag praghsanna reatha) ar shuim fhigiúirí OTI ainmniúil na Stát uile atá rannpháirteach in IBTV le haghaidh gach bliana faoi seach. Cuirfear meán na gcúig chéatadán a gheofar le haghaidh na mblianta 2020 go 2024 i bhfeidhm maidir leis an méid seo a leanas:

- suim na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ón mbuiséad a glacadh agus ó leasuithe nó aistrithe ina dhiaidh sin mar a gealladh ag deireadh gach bliana le haghaidh IBTV do na blianta 2021 go 2025,
- na leithreasuithe bliantúla faoi chomhair gealltanas ón mbuiséad a glacadh do IBTV don bhliain 2026 a dhéanfar ag tús na bliana 2026 agus
- an leithreasú bliantúil faoi chomhair gealltanas de réir an bhuiséid do IBTV don bhliain 2027 mar a áirítear i ndréachtbhuiséad Ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2027 arna ghlacadh ag an gCoimisiún

chun an méid iomlán a bheidh le híoc ag Lichtinstéin thar thréimhse iomlán chur chun feidhme IBTV a fháil.

Ón méid sin, déanfar na híocaíochtaí bliantúla arna ndéanamh go héifeachtach ag Lichtinstéin i gcomhréir le mír 2 den Iarscríbhinn seo a dhealú chun méid iomlán a ranníocaíochtaí do na blianta 2026 agus 2027 a fháil. Íocfar leath den mhéid sin in 2026 agus an leath eile in 2027.

52. Íocfar an ranníocaíocht in euro, agus sloinnfear in euro ríomh na méideanna atá le híoc nó le fáil.

53. Íocfaidh Lichtinstéin a ranníocaíocht airgeadais féin tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis an nóta dochair a fháil. Mar thoradh ar aon mhoill ar íocaíocht na ranníocaíochta, íocfar ús mainneachtana ar an méid atá gan íoc ón dáta dlite. Is é a bheidh sa ráta úis an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, arna fhoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, ráta a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire de na míonna ina dtiteann an sprioc-am, méadaithe 3.5 pointe céatadáin.

*IARSCRÍBHINN II*

*Foirmle chun sciar Lichtinstéin den ioncam a d'fhéadfadh a bheith fágtha mar a shainmhínítear in Airteagal 86 de Rialachán ETIAS a ríomh*

Le haghaidh gach bliana airgeadais ina mbeidh barrachas arna ghiniúint mar a shainmhínítear in Airteagal 86 de Rialachán ETIAS agus dar críoch bliain airgeadais 2026, roinnfear na figiúirí d'Olltáirgeacht Intíre (OTI) ainmniúil Lichtinstéin a bheidh ar fáil an 31 Márta ar Eurostat (OTI ag praghsanna reatha) ar shuim fhigiúirí ainmniúla OTI na Stát uile atá rannpháirteach in ETIAS don bhliain faoi seach.

Cuirfear meán na gcéatadán a fhaightear i bhfeidhm ar na barrachais iomlána a ghintear. Déanfar ranníocaíocht airgeadais 2027 Lichtinstéin atá curtha i leataobh don tSaoráid Théamach a laghdú faoin méid a thiocfaidh as sin.